# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/966 ÓN gCOIMISIÚN

## an 21 Meitheamh 2022

## lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le coinníollacha úsáide, ceanglais shonracha lipéadaithe agus sonraíochtaí an bhia núíosaigh ola *Calanus finmarchicus*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus a áirítear ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta an Aontais de bhianna núíosacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]).

(3) Ar liosta an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470, áirítear ola *Calanus finmarchicus* mar bhia núíosach údaraithe.

(4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2353 ón gCoimisiún ([3]), údaraíodh, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), ola *Calanus finmarchicus* a chur ar an margadh mar chomhábhar núíosach bia atá beartaithe lena úsáid i bhforbhianna a cheaptar don phobal i gcoitinne.

(5) An 30 Samhain 2021, an chuideachta “Calanus A/S” (“an t-iarratasóir”), chuir sí iarratas faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283, ar athrú ar shonraíochtaí, ar choinníollacha úsáide agus ar cheanglais shonracha lipéadaithe an bhia núíosaigh “ola *Calanus finmarchicus*”. Mhol an t-iarratasóir go ndéanfaí sonraíochtaí ola *Calanus finmarchicus* a athrú ó thaobh eistir astaxaintine de ionas gur leibhéal suas le 0,25 % a bheadh i gceist. D’iarr siad an t-uasleibhéal d’eistir astaxaintine in ola *Calanus finmarchicus* a mhéadú ionas gur leibhéal suas le 0,25 % a bheadh i gceist i gcás daoine is sine ná 14 bliana d’aois, agus an leibhéal sin a bheith ann chomh maith leis an uasleibhéal údaraithe atá ann faoi láthair maidir le heistir astaxaintine in ola *Calanus finmarchicus* le haghaidh an phobail i gcoitinne, is é sin < 0,1 %. I ndáil le forbhianna atá ceaptha don phobal i gcoitinne ina bhfuil an leibhéal d’eistir astaxaintine atá údaraithe faoi láthair, is é sin < 0,1 %, mhol an t-iarratasóir na leibhéil úsáide d’ola *Calanus finmarchicus* atá údaraithe faoi láthair a laghdú ionas gur 1,0 g in aghaidh an lae a bheidh i gceist seachas 2,3 g in aghaidh an lae, agus mhol sé naíonáin agus leanaí óga a eisiamh.

(6) De bharr na n-athruithe atá molta maidir le sonraíochtaí ola *Calanus finmarchicus* agus le coinníollacha úsáide an bhia núíosaigh sin, mhol an t-iarratasóir leasú a dhéanamh ar lipéadú an bhia chéanna chun a áirithiú nach n-úsáidfidh tomhaltóirí ach na forbhianna atá ceaptha dá n-aoisghrúpa. Ina theannta sin, i bhfianaise na húsáide atá á baint faoi láthair as forbhianna ina bhfuil eistir astaxaintine i margadh an Aontais, mhol an t-iarratasóir freisin lipéadú sonrach breise úsáid chun rabhadh a thabhairt do thomhaltóirí gan forbhianna ina bhfuil ola *Calanus finmarchicus* a úsáid lá a bheadh forbhianna eile ina bhfuil eistir astaxaintine á nglacadh acu chomh maith.

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2353 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2017 lena n-údaraítear ola ó *Calanus finmarchicus* a chur ar an margadh mar chomhábhar núíosach bia faoi Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 336, 16.12.2017, lch. 45).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 1997 maidir le bianna núíosacha agus comhábhair núíosacha bia (IO L 43, 14.2.1997, lch. 1).

(7) An nuashonrú a iarradh a dhéanamh ar liosta an Aontais maidir le sonraíochtaí ola *Calanus finmarchicus* agus na hathruithe a d'eascródh as sin i ndáil le coinníollacha úsáide na hola sin i gcás grúpaí daonra is sine ná 14 bliana d'aois, measann an Coimisiún nach dócha don nuashonrú sin tionchar a imirt ar shláinte an duine agus nach gá don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") measúnú sábháilteachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2015/2283. An iontógáil d'eistir astaxaintine a bheidh ann de bharr mhéadú na n-eistear astaxaintine in olaí ó *Calanus finmarchicus* i bhforbhianna atá ceaptha do ghrúpaí daonra is sine ná 14 bliana d'aois, ionas gur ≤ 0,25 % a bheidh i gceist seachas < 0,1 %, meastar nach sáróidh an iontógáil sin agus an iontógáil d'astaxaintin ón ngnáthréim bhia i bhfochair a chéile, nach sáróidh siad an iontógáil laethúil inghlactha ("ADI") athbhreithnithe atá leagtha síos ag an Údarás, mar atá 0,2 mg d'astaxaintin/kg de mheáchain coirp ([5]).

(8) Ina theannta sin, na leibhéil úsáide d'ola *Calanus finmarchicus* atá údaraithe faoi láthair i gcás forbhianna atá ceaptha don phobal i gcoitinne ina bhfuil < 0,1 % d'eistir astaxaintine, an nuashonrú a iarradh a dhéanamh ar liosta an Aontais maidir leis na leibhéil sin a laghdú ionas gur 1,0 g in aghaidh an lae a bheidh i gceist seachas 2,3 g in aghaidh an lae, agus maidir le naíonáin agus leanaí óga a eisiamh, measann an Coimisiún nach dócha don nuashonrú sin ach oiread tionchar a imirt ar shláinte an duine agus nach gá don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") measúnú sábháilteachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2015/2283. Tá údar le naíonáin agus leanaí óga a eisiamh mar an iontógáil iomlán d'eistir astaxaintine a mheastar a bheidh ann, idir a dtiocfaidh ó fhorbhianna ina bhfuil ola *Calanus finmarchicus* dar leibhéal < 0,1 % d'eistir astaxaintine agus a dtiocfaidh ón ngnáthréim bhia, meastar nach sáróidh an iontógáil sin an iontógáil laethúil inghlactha ("ADI") athbhreithnithe atá leagtha síos ag an Údarás maidir leis na grúpaí sin de thomhaltóirí, mar atá 0,2 mg d'astaxaintin/kg de mheáchain coirp.

(9) An t-athrú atá molta a dhéanamh ar shonraíochtaí agus coinníollacha úsáide ola *Calanus finmarchicus* maidir leis na luachanna d'eistir astaxaintine, tá sé ag teacht le conclúidí an mheasúnaithe sábháilteachta a rinne an tÚdarás ar astaxaintin. Dá bhrí sin, sonraíochtaí agus coinníollacha úsáide an bhia núíosaigh ola *Calanus finmarchicus*, is iomchuí iad a leasú de réir na leibhéal d'eistir astaxaintine atá molta.

(10) Na hathruithe atá molta a dhéanamh ar cheanglais lipéadaithe ola *Calanus finmarchicus*, tá siad ag teacht le conclúidí an mheasúnaithe sábháilteachta a rinne an tÚdarás ar astaxaintin. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí ceanglais bhreise lipéadaithe a leagan síos chun úsáid ghaolmhaireachta d'fhorbhianna astaxaintine a chosc, úsáid ar dócha di an iontógáil laethúil inghlactha arna leagan síos ag an Údarás a shárú. Dá bhrí sin, is iomchuí ceanglais bhreise lipéadaithe a chuimsiú maidir leis an mbia núíosach sin.

(11) An fhaisnéis a sholáthraítear san iarratas, is faisnéis í lena ngabhann forais leordhóthanacha chun a shuí go bhfuil na hathruithe ar choinníollacha úsáide, ceanglais shonracha lipéadaithe agus sonraíochtaí an bhia núíosaigh ola *calanus finmarchicus* i gcomhréir le coinníollacha Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2015/2283 agus gur cheart iad a fhormheas.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.

(13) Ionas go mbeidh a ndóthain ama ag oibreoirí gnó a gcuid cleachtas a choigeartú ar mhaithe le ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, ba cheart bearta idirthréimhseacha a leagan síos maidir le forbhianna ina bhfuil ola *Calanus finmarchicus*, forbhianna a ndearnadh iad a chur ar mhargadh an Aontais go dleathach nó a sheoladh ó thríú tíortha chun an Aontais go dleathach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(14) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([5]) Sábháilteacht astaxaintine maidir lena húsáid mar bhia núíosach i bhforbhianna; *EFSA Journal* 2020;18(2):5993 [Iris EFSA 2020;18 (2):5993].

*Airteagal 2*

1. Forbhianna ola *Calanus finmarchicus* a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, féadfar iad a mhargú go dtí a ndáta ar fearr roimhe nó a ndáta éagtha.

2. Forbhianna ola *Calanus finmarchicus* a seoladh ó thríú tíortha agus a bhí ag déanamh a mbealaigh chuig an Aontas roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar forbhianna iad a chomhlíon na rialacha a bhí i bhfeidhm roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, féadfar iad a mhargú go dtí a ndáta ar fearr roimhe nó a ndáta éagtha.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Meitheamh 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

(1) i dTábla 1 (bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le "ola *Calanus finmarchicus*":

| Bia núíosach údaraithe | Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid | | Ceanglais shonracha bhreise maidir le lipéadú | Ceanglais eile |
|---|---|---|---|---|
| "**Ola *Calanus finmarchicus*** | *Catagóir bia shonraithe* | *Uasleibhéil* | 1. Is é 'ola ó *Calanus finmarchicus* (crústach)' an t-ainm a thabharfar ar an mbia núíosach ar lipéadú na n-earraí bia ina bhfuil sé.<br><br>2. Lipéadú forbhianna ina bhfuil ola *Calanus finmarchicus,* beidh ráiteas air a déarfaidh nár cheart:<br>a) na forbhianna sin a ghlacadh lá a bheadh forbhianna eile ina bhfuil eistir astaxaintine á nglacadh freisin.<br>b) do naíonáin agus leanaí is óige ná 3 bliana d'aois iad a ghlacadh.<br>c) do leanaí is óige ná 14 bliana d'aois iad a ghlacadh, más ≥ 0,1 % d'astaxaintin atá sa chomhábhar." | |
| | Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE, cé is moite d'fhorbhianna le haghaidh naíonán agus leanaí óga | 1,0 g/lá (< 0,1 % d'eistir astaxaintine, rud a fhágann gur < 1,0 mg d'astaxantain in aghaidh an lae a bhíonn i gceist) i gcás an phobail i gcoitinne, gan naíonáin agus leanaí óga a áireamh<br><br>2,3 g/lá (ó 0,1 % go dtí ≤ 0,25 % d'eistir astaxaintine, rud a fhágann gur ≤ 5,75 mg d'astaxantain a bhíonn i gceist in aghaidh an lae) i gcás an phobail i gcoitinne atá níos sine ná 14 bliana d'aois | | |

(2) i dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le "ola *Calanus finmarchicus*":

| Bia Núíosach Údaraithe | Sonraíochtaí |
|---|---|
| "**Ola *Calanus finmarchicus*** | **Tuairisc/Sainmhíniú:**<br>Is éard atá sa bhia nuíosach ola beagán slaodach a bhfuil dath an rúibín uirthi, agus a bhfuil boladh éadrom sliogéisc uaithi, ola a eastósctar as an gcrústach (zóplanctón mara) *Calanus finmarchicus*. Eistir chéarach atá sa chomhábhar den chuid is mó (> 85 %), sin agus méideanna beaga de thríghlicrídí agus lipidí neodracha eile.<br>**Sonraíochtaí:**<br>Uisce: < 1,0 %<br>Eistir chéarach: > 85 %<br>Cion iomlán na n-aigéad sailleach: > 46 %<br>Aigéad icisipeintéanóch (EPA): > 3,0 % |

| | |
|---|---|
| | Aigéad docaisiheicséanóch (DHA): > 4,0 %<br>Cion iomlán na n-alcól sailleach: > 28 %<br>Alcól sailleach C20:1 n-9: > 9,0 %<br>Alcól sailleach C22:1 n-11: > 12 %<br>Aigéid thras-sailleacha: < 1,0 %<br>Eistir astaxantaine: ≤ 0,25 %<br>Luach sárocsaíde (PV): < 3,0 meq. $O_2$/kg” |